

Eleathanach289

Dé Máirt 20 Márta 2018

Áthas an domhain!

Bíonn suirbhé mór idirnáisiúnta ann gach bliain ag féachaint ar thíortha an domhain agus ar cé chomh sásta is atá na daoine iontu.

Éiríonn go maith leis na tíortha Lochlannacha i gcónaí. Anuraidh bhí an Iorua sa chéad áit, agus i mbliana ghoid an Fhionlainn an chéad áit ón Iorua. Tá Éire sa 14ú háit.

Dé Sathairn seo caite - Lá Fhéile Pádraig - bhí an-áthas ar mhuintir na hÉireann freisin nuair a bhuaigh ár bhfoireann rugbaí an Grand Slam.

Bhí an cluiche ar siúl in Twickenham. An Scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Éire: 24 Sasana: 15. Bhí gach duine ar bís. Comghairdeas le foireann rugbaí na hÉireann ón Eleathanach!



An bhliain ag bogadh ar aghaidh

Bhí aimsir gheimhriúil againn arís ag deireadh na seachtaine ach táimid ag dul sa treo ceart. An tseachtain seo beidh Cónocht an Earraigh ann. Dé Máirt an 20 Márta a tharlóidh sé.

Beidh 12 uair an chloig de sholas an lae againn ar an 20 Márta agus 12 uair an chloig de dhorchadas. Agus beidh sé geal níos faide as sin amach.

Cuirfimid na cloig chun tosaí aon uair an chloig ag 01:00 (go 02:00) Dé Domhnaigh an 25 Márta. Caillfimid uair an chloig de chodladh an oíche sin áfach.

Beirt laochra imithe uainn

An tseachtain seo caite fuair an sárcheoltóir Liam Óg Ó Floinn bás. Sheinn sé na píoba uilleann ar ardáin ar fud an domhain, agus bhí meas ag a lán ceoltóirí eile air. Ba as Cill Dara don cheoltóir traidisiúnta seo. Sheinn sé an fheadóg stáin freisin. Bhí sé 72 bliain d'aois.

Fuair an t-eolaí cáiliúil Stephen Hawking bás freisin. Sasanach ab ea é as Oxford. Bhí an-suim aige sa chosmeolaíocht agus bhí sé ina fhisiceoir.

D'éirigh Stephen an-tinn nuair a bhí sé ina fhear óg. Mar sin bhí air an chuid is mó dá shaol a chaitheamh i gcathaoir rotha. Bhí sé ag brath ar ríomhairí chun a chuid focal a rá dó freisin. Fear an-speisialta a bhí ann, agus bhí meas air ar fud an domhain mar eolaí agus mar dhuine.

